2026/2395

26.10.2026

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2395 ÓN gCOIMISIÚN

## an 22 Deireadh Fómhair 2026

## lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7673)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach in éin é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas, go háirithe le linn imirce éan imirceach an fhómhair agus an earraigh nuair is féidir leis na héin sin na víris sin a leathadh thar achair fhada. I gcás ráig de HPAI i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go bunaíochtaí eile den sórt sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear an creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear HPAI. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 21 den Rialachán Tarmligthe sin, i gcás ráig de ghalar de chatagóir A i mbunaíocht, go bhfuil an t-údarás inniúil le crios srianta a bhunú láithreach a chuimseoidh crios cosanta, crios faireachais, agus más gá, criosanna srianta breise.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ([3]) ón gCoimisiún ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i ndáil le ráigeanna de HPAI.

(4) Go háirithe, le hAirteagail 2, 3 agus 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 foráiltear, tar éis ráigeanna de HPAI, nach mór a chuimsiú sna criosanna cosanta agus faireachais agus sna criosanna srianta breise atá le bunú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin, a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ar a laghad.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2023/2447, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2447/oj).

(5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2295 ón gCoimisiún ([4]), tar éis ráigeanna de HPAI sa Bheilg agus sa Bhulgáir i mbunaíochtaí inar coimeádadh éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

(6) Ón dáta a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2295, tá fógra tugtha ag an mBulgáir don Choimisiún faoi ráig nua HPAI i mbunaíocht inar coinníodh éanlaith chlóis, bunaíocht atá lonnaithe i réigiún Stara Zagora sa Bhulgáir.

(7) Tar éis na ráige sin a tharla le déanaí, tá na bearta rialaithe galar a cheanglaítear déanta ag an mBulgáir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall na ráige.

(8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar atá déanta ag an mBulgáir agus tá sé sásta maidir le teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú tar éis na ráige sin de HPAI sa Bhallstát sin a tharla le déanaí, go bhfuil siad fada go leor ón mbunaíocht ina bhfuil an ráig deimhnithe.

(9) Ina theannta sin, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag an mBulgáir go gcuirfear i gcrích an glanadh agus an díghalrú sa bhunaíocht atá buailte ag ráigeanna BG-HPAI(P)-2026-00011, BG-HPAI(P)-2026-00012 agus BG-HPAI(P)-2026-00013, atá lonnaithe i réigiún Plovdiv, níos déanaí ná mar a bhí coinne leis. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur le fad na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBulgáir le haghaidh na ráigeanna sin, mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, i gcomhréir le hAirteagail 39 agus 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha aon suaitheadh gan údar ar thrádáil, is gá a leagan síos go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an mBulgáir, na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(11) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais le haghaidh na Bulgáire san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, ba cheart iad a leasú chun teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin tar éis na ráige nua de HPAI a tharla le déanaí sna Ballstáit sin a chur san áireamh, chomh maith le fad riachtanach na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(12) Ina theannta sin, dátaí deiridh infheidhmeachta na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBulgáir le haghaidh ráigeanna BG-HPAI(P)-2026-00011, BG-HPAI(P)-2026-00012 agus BG-HPAI(P)-2026-00013, mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, ba cheart na dátaí sin a leasú chun fad tréimhse leasaithe na srianta a chur san áireamh.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú dá réir sin.

(14) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2295 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2026/2295, 13.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2295/oj).

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Olivér VÁRHELYI
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

*'IARSCRÍBHINN*

**Cuid A**

Criosanna cosanta dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 2:

**Ballstát: an Bheilg**

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| BE-HPAI(NON-P)-2026-00149 | Those parts of the municipalities Bilzen-Hoeselt, Hasselt and Tongeren-Borgloon contained within a circle of a radius of 3 kilometers, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.427229 lat 50.805675. | 24.10.2026 |
| BE-HPAI(NON-P)-2026-00150 | Those parts of the municipalities Balen and Mol contained within a circle of a radius of 3 kilometers, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.14 lat 51.17. | 28.10.2026 |

**Ballstát: an Bhulgáir**

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| | ***Plovdiv region*** | |
| BG-HPAI(P)-2026-00011 | The following village in Rakovski municipality:<br>— Rakovski | 3.11.2026 |
| BG-HPAI(P)-2026-00012 | The following village in Rakovski municipality:<br>— Momino selo<br>The following village in Kaloyanovo municipality:<br>— Glavatar | 16.11.2026 |
| BG-HPAI(P)-2026-00013 | The following settlements in Maritsa municipality:<br>— Trilistnik<br>— Rogosh | 20.11.2026 |
| | ***Stara Zagora region*** | |
| BG-HPAI(P)-2026-00014 | The following settlements in Stara Zagora municipality:<br>— Elenino<br>— Hristiyanovo | 21.11.2026 |

**Cuid B**

Criosanna faireachais dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 3:

**Ballstát: an Bheilg**

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| BE-HPAI(NON-P)-2026-00149 | Those parts of the municipalities Alken, Awans, Bassenge, Bilzen-Hoeselt, Crisnée, Diepenbeek, Hasselt, Heers, Herstappe, Juprelle, Oreye, Riemst, Tongeren-Borgloon and Wellen contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.427229lat 50.805675. | 2.11.2026 |
| | Those parts of the municipalities Bilzen-Hoeselt, Hasselt and Tongeren-Borgloon contained within a circle of a radius of 3 kilometers, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.427229 lat 50.805675. | 25.10.2026 – 2.11.2026 |

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| BE-HPAI(NON-P)-2026-00150 | Those parts of the municipalities Balen, Beringen, Dessel, Geel, Hechtel-Eksel, Laakdal, Leopoldsburg, Lommel, Meerhout, Mol, Retie and Tessenderlo-Ham contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.14 lat 51.17. | 6.11.2026 |
| | Those parts of the municipalities Balen and Mol contained within a circle of a radius of 3 kilometers, centered on WGS84 dec. coordinates long 5.14 lat 51.17. | 29.10.2026 – 6.11.2026 |

**Ballstát: an Bhulgáir**

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| | ***Plovdiv region*** | |
| BG-HPAI(P)-2026-00011 | The following villages in Rakovski municipality:<br>— Shishmantsi<br>— Bolyarino<br>— Momino selo<br>— Strayama<br>The following villages in Maritsa municipality:<br>— Manolsko Konare<br>— Yasno pole<br>The following villages in Brezovo municipality:<br>— Padarsko<br>— Borets<br>— Otets Kirilovo<br>— Drangovo<br>The following village in Kaloyanovo municipality:<br>— Glavatar | 12.11.2026 |
| | The following village in Rakovski municipality:<br>— Rakovski | 4.11.2026 – 12.11.2026 |
| BG-HPAI(P)-2026-00012 | The following villages in Rakovski municipality<br>— Rakovski<br>— Strayama<br>The following villages in Maritsa municipality<br>— Yasno pole<br>— Dink<br>— Kalekovets<br>— Krislovo<br>The following villages in Brezovo municipality<br>— Padarsko<br>— Borets<br>— Otets Kirilovo<br>— Streltsi<br>The following villages in Kaloyanovo municipality<br>— Razhevo<br>— Razhevo Konare<br>— Dalgo pole | 25.11.2026 |
| | The following village in Rakovski municipality:<br>— Momino selo<br>The following village in Kaloyanovo municipality:<br>— Glavatar | 17.11.2026 – 25.11.2026 |

| Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta |
|---|---|---|
| BG-HPAI(P)-2026-00013 | The following settlements in Maritsa municipality:<br>— Voivodinovo<br>— Dink<br>— Krislovo<br>— Kalekovets<br>— Zhelyazno<br>— Yasno pole<br>— Manolsko Konare<br>— Manole<br>— Skutare<br>The following settlements in Plovdiv municipality:<br>— Plovdiv<br>The following settlements in Rakovski municipality:<br>— Rakovski;<br>— Stryama<br>— Shishmantsi<br>The following settlements in Sadovo municipality:<br>— Sadovo | 29.11.2026 |
| | The following settlements in Maritsa municipality:<br>— Trilistnik<br>— Rogosh | 21.11.2026 – 29.11.2026 |
| | ***Stara Zagora region*** | |
| BG-HPAI(P)-2026-00014 | The following settlements in Stara Zagora municipality:<br>— Stara Zagora<br>— Mogila<br>— Malko Kadievo<br>— Madzherito<br>— Zagore<br>— Pamukchi<br>— Badeshte<br>— Petrovo<br>— Kaloyanovets<br>— Arnautito<br>— Rakitnitsa<br>— Kirilovo<br>— Bogomilovo<br>— Lyaskovo<br>— Malka Vereya<br>The following settlement in Radnevo municipality:<br>— Kolarovo | 30.11.2026 |
| | The following settlements in Stara Zagora municipality:<br>— Elenino<br>— Hristiyanovo | 22.11.2026 – 30.11.2026 |

**Cuid C**

Criosanna srianta breise dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), agus Airteagal 4:

**Ballstát: ceann ar bith**

| Limistéar arb é atá ann: | Dáta deiridh infheidhmeachta' |
|---|---|
| | |